**RÉAMHRÁ MAIDIR LE PÁIRTÍ POLAITÍOCHTA A CHLÁRÚ**

Ullmhaíonn agus déanann Cláraitheoir na bPáirtithe Polaitíochta cothabháil ar Chlár na bPáirtithe Polaitíochta, oifig a bhí i seilbh an Cléireach Dháil Éireann roimhe sin. Ó bunaíodh An Coimisiún Toghcháin ar 9 Feabhra 2023, is é an Príomhfheidhmeannach anois ná Cláraitheoir An Choimisiúin Toghcháin, an tUasal Art O'Leary.

Tá seans go mbeidh ainm agus suaitheantas pháirtí an iarrthóra toghcháin atá ó pháirtí polaitíochta cláraithe ar pháipéir bhallóide. Má tá iarrthóir toghcháin mar bhall de pháirtí nach bhfuil cláraithe, beidh sé/sí marcáilte ar an bpáipéar ballóide mar 'neamhpháirtí'

Le bheith incháilithe do chlárúchán, ní mór do pháirtí polaitíochta Cláraitheoir na bPáirtithe Polaitíochta a shásamh go gcomhlíonann sé riachtanais an Achta. Tá sé mar aidhm ag an réamhrá seo píosa treoraíochta a thabhairt faoi cad iad na riachtanais sin agus conas a chomhlíontar iad.

## Cláraitheoir na bPáirtithe Polaitíochta

Cuireann na sonraí sa Chlár maidir le gach páirtí atá cláraithe san áireamh:

- Ainm an Pháirtí
- Suaitheantas an Pháirtí
- Seoladh an Cheannárais
- Ainmneacha na n-oifigigh údaraithe le ceart iarrthóirí a fhíordheimhniú i gcomhair toghchán
- Páirteanna an Stáit ina bhfuil an páirtí eagraithe chun iarrthóirí a rith
- Toghcháin dá bhfuil an páirtí eagraithe chun iarrthóirí a rith
- Ballraíocht i ngrúpa i bParlaimint na hEorpa/ i bPáirtí Polaitiúil na hEorpa (más bainteach)
- Sonraí na n-aonad cuntasaíochta agus na ndaoine freagracha

## Riachtanais

Leagann an tAcht um Leasú Toghchánach 2022 na coinníollacha amach atá le comhlíonadh ag páirtithe a ndéanann iarratas ar chlárúchán. Tá an fhoirm iarratais ar fáil ó oifig do chláraitheoir na bPáirtithe Polaitíochta.

**Ainm**

Ní féidir le hainm páirtí a bheith níos faide ná 6 focal ná a bheith díreach mar an gcéanna le páirtí cláraithe eile, ná a bheith chomh cosúil lena chéile go bhfuil baol mearbhaill ann. Ní mór d'aon ainm páirtí atá cláraithe mar pháirtí áitiúil nó réigiúnach a cheantar tíreolaíochta gníomhaíochta a léiriú.

**Suaitheantas**

Ní ceadmhach do shuaitheantas páirtí a bheith graosta ná maslach, agus ba chóir nach bhfhéadfaí é a mheascadh le suaitheantas páirtí polaitíochta chláraithe eile. Ní féidir ach focail a bheadh in ainm páirtí polaitíochta a bheith i suaitheantas páirtí amháin (má tá focail ann ar chor ar bith)

**Grúpa Pharlaimint na hEorpa/Páirtí Polaitiúil na hEorpa**

Chun comhcheangal a chlárú le grúpa polaitiúil i bParlaimint na hEorpa nó Páirtí Polaitiúil na hEorpa, ní mór do pháirtí comhalta FPE a bheith acu atá mar bhall den ghrúpa polaitiúil Pharlaimint na hEorpa sin nó Páirtí Polaitiúil na hEorpa.

**Eagraíocht**

- Is gá go n-eagraítear an páirtí chun dul in iomaíocht i dtoghcháin na Dála, na hEorpa agus/nó Toghcháin áitiúla, sa Stát nó i bpáirt sonraithe den Stát.
- Is gá go rialaítear an páirtí de réir rialacha scríofa, mar shampla bunreacht nó meabhrán comhlachais. Beidh fianaise de dhíth go nglacadh leis na rialacha sa pháirtí. Ní mór do chúrsaí áirithe a bheith curtha san áireamh sna rialacha, lena n-áirítear:
    - o Go reáchtálann an páirtí cruinniú bliantúil nó cruinniú tréimhsiúil eile nó comhdháil, agus
    - o Go ndéanfaidh gnó an pháirtí ag comhlacht feidhmiúcháin ar thogh an páirtí (ba chóir go dtabharfar an-aire don phraiticiúlacht a bhaineann leis seo i gcomhthéacs páirtí nua)[1]
- Is gá go gcuirtear sonraí ar fáil de na hoifigigh údaraithe le hiarrthóirí a dheimhniú do thoghadh
- Is gá go gcuirtear sonraí ar fáil d'Aonaid Chuntasaíochta an pháirtí agus an 'duine freagrach' maidir le gach aonad bainteach[2].

**Ballraíocht**

---

[1] Is gá go n-iniúchtar cuntais na bpáirtithe de réir na nAchtanna Toghchánacha, agus ba chóir go mbeadh na cuntais atá le hiniúchadh formheasta ar dtús ag feidhmeannach an pháirtí.

[2] Tagann na cúrsaí seo chun cinn den chuid is mó mar gheall ar conas a rialaítear tabhartais do pháirtithe polaitíochta. De ghnáth, is é an '*aonad cuntasaíochta*' ceanncheathrú an pháirtí nó brainse an pháirtí (d'fhéadfadh níos mó a bheith ann). Is é an '*duine freagrach*' ná an duine i gceannas comhlíonadh na rialacha faoi thabhartais; de ghnáth is é cisteoir an pháirtí, nó cisteoir an bhrainse, ach arís, d'fhéadfadh éagsúlachtaí a bheith ann ag brath ar conas a eagraítear an páirtí.

Braitheann na riachtanais do bhallraíocht ar an gcineál páirtí polaitíochta a lorgaítear chun clárú. Is gá do pháirtithe atá ag déanamh iarratais ar chlárú an bhallraíocht seo a leanas a léiriú:

**Ag clárú chun dul in iomaíocht toghchán na Dála nó na hEorpa ar fud an Stáit:**

- Ar a laghad comhalta amháin atá ina T(h)eachta Dála (TD) reatha nó Feisire de Pharlaimint na hEorpa (FPE)

*nó*

300 duine fásta mar chomhaltaí, a bhfuil a leath ar a laghad cláraithe chun vótáil

**Ag clárú chun dul in iomaíocht toghcháin na Dála nó na hEorpa ar fud an Stáit:**

- Ar a laghad comhalta amháin atá ina T(h)eachta Dála (TD) reatha nó Feisire de Pharlaimint na hEorpa (FPE)

*nó*

100 duine fásta mar chomhaltaí, a bhfuil a leath ar a laghad cláraithe chun vótáil

**Ag clárú chun dul in iomaíocht toghcháin áitiúla amháin:**

- Ar a laghad triúr comhalta atá mar Chomhaltaí reatha d'údarás áitiúil

*nó*

100 duine fásta mar chomhaltaí, a bhfuil a leath ar a laghad cláraithe chun vótáil

Teastóidh an Cláraitheoir teastas na ballraíochta de pháirtí polaitíochta nua, de réir na nAchtanna Toghchánacha. I gcás na bpolaiteoirí reatha, teastóidh an Cláraitheoir go ndeimhníonn na polaiteoirí sin go bhfuil siad mar bhall den pháirtí nua. I gcás liostaí de bhallraíocht thaifeadta, teastóidh an Cláraitheoir go ndeimhníonn iniúchóir reachtúil na liostaí sin, is é sin cuntasóir (de ghnáth) leis an gceart, de réir an dlí, cuntais chomhlachta a iniúchadh.

## Ginearálta

Is féidir iarratais a dhéanamh ar chlárú tríd an bhFoirm Iarratais a chomhlíonadh is a sheoladh ar ais. Tá an Fhoirm ar fáil ó oifig Cláraitheoir na bPáirtithe Polaitíochta nó ó shuíomh gréasáin an Choimisiúin www.electoralcommission.ie. Féadfaidh an Cláraitheoir eolas sa bhreis a theastáil chun an iarratais ó pháirtí polaitíochta a mheas. Tá dualgas reachtúil ag gach páirtí polaitíochta aon eolas den sórt sin a chur ar fáil don Chláraitheoir.

**Achomhairc**

Féadtar achomhairc a dhéanamh ar chinntí an Chláraitheora ar Bhord Achomhairc i leith

- clárú na bpáirtithe polaitiúla nua
- clárú na suaitheantas
- iarratais ar leasuithe ar shonraí páirtí sa Chlár, nó
- clárú páirtí a chealú

Ní mór achomhairc a dhéanamh i scríbhinn chuig Cathaoirleach an Choimisiúin Toghcháin faoi 12 mheán lae ar an 21ú lá i ndiaidh fhoilsiú an chinnidh a bhfuil achomharc á dhéanamh ina aghaidh san *Iris Oifigiúil*.

**Ag coimeád an Chláir cothrom le dáta**

Má tá aon athruithe ar na sonraí taifeadta sa chlár, tá ar na páirtithe polaitíochta faoin Acht um Leasú Toghchánach é seo a chur in iúl don Chláraitheoir ionas go bhféadtar na hathruithe sin a chur in iúl ar an gClár. Féadtar é seo a dhéanamh trí úsáid na foirme iarratais atá ar fáil ó oifig an Chláraitheora, Príomhfheidhmeannach An Choimisiúin Toghcháin nó ceann ó shuíomh gréasáin an Choimisiúin www.electoralcommission.ie.

Ó am go ham déanfaidh an Cláraitheoir teagmháil le gach páirtí polaitíochta cláraithe chun dearbhú gur mian leo fanacht cláraithe. Tabharfar faoi seo ar a laghad uair amháin sa bhliain. Mura bhfreagrófar comhfhreagras den sórt sin, féadfar clárú páirtí a chealú, sonraí páirtí a bhaint den Chlár, agus fógra oifigiúil a fhoilsiú san *Iris Oifigiúil*.

**Teorainneacha ama do Thoghcháin**

Má dhéantar cinneadh an Chláraitheora i leith cláraithe, leasaithe nó cealaithe

- tar éis an dáta eisiúna den eascaire nó de na heascairí do thoghchán Dála, nó
- tar éis dháta an ordaithe aireachta iomchuí le haghaidh toghcháin Áitiúil nó toghcháin Eorpaigh,

ní bheidh éifeacht ag an gcinneadh don toghchán áirithe a gaireadh.

Art O'Leary,

Cláraitheoir Páirtithe Polaitíochta,

Príomhfheidhmeannach,

An Coimisiún Toghcháin,

Caisleán Bhaile Átha Cliath,

Baile Átha Cliath 2.